

Is romhaith mo leatha-sa

[Gearóid Mac Niocaill, 'Dhá dhán le Risteard Buitléir', *Éigse* 9, 83-88]

Risteard Buitléir cct.

*Tabhradh gach duine a bheannacht ocus a phaidir do Risderd Boltir [sic]
do rinne na r[a]inn so.*

1 As romhaith mo leagh(e)a-sa,
is é[i]dir leo mo Leighis:
mo sgara[dh] rem chena-sa,
& traecha[dh] ar mo theinnis.

2 Gin gu fulim innleighis
le salchur cuirp is anma,
féadaidh gur minteinnis
is mintshalchadh mo shalchar.

3 Rí in Domhnaigh mo dhochtúir-si,
is Muire liaigh dom Leighis,
's a chroch naemh gan rothuirse:
go sgar[a]id mhé rem theinnis.

4 Cé maith lium mo shlánughadh,
seal, & sa saeghal sunna,
ferr lium gan mo shárughadh
do dheimhnaibh daera dubha.

5 Ó tá gach ní sodhénmha
agaibh, do réir gach riaghla,
cuiridh fé[i]n rem rodhénamh
díbh fé[i]n go de[i]n(i)mnech diadha.

6 A Rí, is mór do mhír[bh]uile
ar nimh 's ar thalmhuin tonnbhán
's a *n-iferrnn* ag síorbhúithredh,
is annsna linntibh lomnán.

7 Do tobhadh thú, a mhórMhuiре,
ar umhla, ar áil[l]e, ar annsacht,
do bhreith Rí[gh] na trócuire
seoch gach énmhnaí don bhantracht.

8 A naemhchroch, fa camtshlighi
thú in gach énobuir ele
gur dhoirt Ísa ainglighi
a fhuil or[a]ibh fo dhere[dh].

9 Is minic *bhur* mír[bh]uile,
is mó ná mhé do leighis:
as [s]ibh brí[gh] gach brí[dh]-dhúile,
ocus thráighis gach teinnis.

10 Ga[i]nimh is r[e]anna is réltanna,
's a *mbeith* 'na tengt[ha]ibh file[dh],
ní thiu[c]fadh díbh, gléglana,
ar *thrian bhur* ngnímh do thile[dh].

11 Rí in Domhnaigh is mórmhuire,
croch Dhé is Míchél dom leighis:
go tugaid damh trócuire,
gu sgaraid mhé rem theinnis. Is.